Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2017
(OR. fr)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0030 (COD)**

12322/1/17
REV 1

CODEC 1415
ENER 364
IA 142

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta chun cinnteacht an tsoláthair gáis a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 ón gComhairle (an chéad léamh)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 16 Feabhra 2016, rinne an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 194 CFAE, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 22 Meán Fómhair 2016[2]. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún[3].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 12 Meán Fómhair 2017. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 6225/16.
[2] IO C 487, 28.12.2016, lch. 70.
[3] nár foilsíodh fós.
[4] 12051/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá thoradh sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 22/17 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus toscaireacht na hUngáire ag vótáil ina choinne.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar é in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.